

**SCÉIM
SCOLÁIREACHTAÍ
SLÁINTE
OPTUM**

FOIRM IARRATAIS 2019/20

- Caithfear an t-eolas uilig a chur isteach san fhoirm iarratais de réir mar a iarradh
- Ba chóir do na hiarratais a bheith scríofai g**CEANNLITREACHA** agus i n**DÚCH DUBH** ach glacfar le hiarratais atá clóscríofa fosta.
- Tabhair faoi deara nach gcuirfear bunchóipeanna ar ais agus moltar cóip a shábháil duit féin.

MÍR A 1: SONRAÍ PEARSANTA

Sloinne _____

Céadainm (neacha) _____ Dáta Breithe _____ Gasúr Cailín

Seoladh baile _____

Uimhir Ghutháin (Baile) _____ Uimhir Ghutháin (Póca) _____

Seoladh Ríomhphoist _____

Ainm na Meánscoile ar a bhfuil tú ag freastal faoi láthair _____

Dearbhaím go bhfuil mé cláraithe le Meánscoil i gContae Thír Chonaill le 2 bhliain anuas ar a laghad

Cúrsa staidéir ainmnithe ar a bhfuil iarratas curtha isteach agat faoi chóras CAO
(Cuir síos teideal iomlán an chúrsa, an tInstitiúid agus fad an chúrsa)

AGUS / NÓ

Cúrsa staidéir ainmnithe a bhfuil tairiscint oifigiúil agat dó faoi chóras UCAS agat
(Cuir síos teideal iomlán an chúrsa, an tInstitiúid agus fad an chúrsa)

Dáta agus mí tosaithe (m.sh. Meán Fómhair 2018) _____

Ba mhian liom cur isteach at Scoláireacht an Iarthuaiscirt an Scoláireacht Réigiúnach

Tabhair faoi deara gur féidir leat cur isteach ar an dá scéim.

MÍR A 2: RÁITEAS PEARSANTA - CUID A 1

Scríobh níos lú ná 200 focal mar achoimre faoi na torthaí acadúla atá bainte amach agat go dtí seo le do thoil:

Blank area for writing the answer to the first question.

MÍR A 2: RÁITEAS PEARSANTA - CUID A 2

Déan cur síos i níos lú ná 150 focal ar an tionchar is féidir leis an scoláireacht imirt ar do ghairm acadúil. Is féidir leat eolas a roinnt maidir le constaic ar bith eile- mothúchánach, fisiciúil, cultúrtha nó sóisialta atá idir tú féin agus rochtain ar an oideachas tríú leibhéal nó an cúrsa a chur i gcrích.

An bhfuil sonraí ar bith a bhaineann le do chúinsí pearsanta féin a ba chóir don Phainéal a mheas, dar leat?

Blank area for writing the answer to the second question.

MÍR A 2: RÁITEAS PEARSANTA - CUID A 3

Déan cur síos i níos lú ná 150 focal ar do spriocanna gairmiúla agus an dóigh a gcuideoidh do chuid staidéir leat na spriocanna sin a bhaint amach.

PROOF
Browne Writers Ltd.

MÍR A 2: RÁITEAS PEARSANTA - CUID A 4

Déan cur síos i níos lú ná 150 focal faoi thábhacht an phobail duit, an bhaint atá agat le saol an phobail agus an dóigh a ba mhaith leat cur le saol an phobail sa todhchaí. Thig leat sonraí a thabhairt faoin bhaint atá agat le saol an phobail más maith leat.

PROOF
Browne Writers Ltd.

**Tabhair sonraí do mholtóir a bheadh in ann do bhaint leis an phobal a chinntiú
(m.sh. Oibre Óige, Ball de ghrúpa pobail)**

Ainm _____

Ainm na heagraíochta / an ghrúpa _____

Ról san eagraíocht _____

Seoladh ríomhphoist _____

Uimhir teagmhála _____

MÍR A 3: EOLAS TACAÍOCHTA

Ní mór don Iarratasóir cinntiú go bhfuil an t-eolas tacaíochta seo a leanas curtha isteach:

1. Déan cinnte go gcomhlíonann Príomhoide na Scoile an teistiméireacht áirithe don Scoláireacht seo. Ní mór don Phríomhoide an teistiméireacht a líonadh agus scannadh den teistiméireacht a sheoladh mar ríomhphost **díreach** chuig nodlaig.brolly@optum.com faoi **5pm ar an Aoine 3 Bealtaine**.

Is é an tIarratasóir atá freagrach as a chinntiú go seolfaidh an moltóir an teistiméireacht faoin dáta deiridh. Ní dhéanfar iarratais neamhiomlána a mheas.

Tabhair sonraí an mholtóra thíos:-

Ainm an Phríomhoide _____

Seoladh Ríomhphoist _____

2. Muna bhfuil tú saor ó na táillí scrúdaithe, glacfaidh an Painéal le litir ó SUSI a dhearbhaíonn go bhfuil tú i dteideal maoiniú faoi Scéim na Mac Léinn bunaithe ar ioncam teaghlaigh.

Cuir tic sa bhosca má tá tú chun litir ó SUSI a chur chuig an Phainéal Roghnúcháin le leibhéal an ioncain teaghlaigh a dhearbú

Cuir scannadh den litir ó SUSI mar ríomhphost chuig nodlaig.brolly@optum.com nó cuir cóip sa phost chuig an seoladh thíos.

Moltar go láidir do Iarratasóirí iarratas a sheoladh chuig SUSI chomh luath agus is féidir le go mbeidh litir faofa faighte ar ais acu ó SUSI in am le glacadh le tairiscint scoláireachta.

MÍR A 4: DEARBHÚ

1. Tugaim cead do Phríomhoide na Scoile an t-eolas san Fhoirm Iarratais a dhearbhú agus tugaim cead dó/ di dearbhú go bhfuil mé saor ó tháillí scrúdaithe na hArdteiste más mar sin atá
2. Má éiríonn liom scoláireacht a bhaint amach, tugaim cead don Institiúid ráiteas gach bliain a sholáthar do Optum faoi mo sheasamh acadúil, iompair agus an méid atá bainte amach agam
3. Tuigim go mbeidh an t-iarratas feicthe ag an riarthóir agus an Phainéal Roghnúcháin amháin ach is féidir go mbeidh tuilleadh eolais tacaíochta á lorg ó chláraitheoir na hInstitiúide (IT Leitir Ceanainn, Ollscoil Uladh, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh) le ligint don Phainéal teacht ar chinneadh
4. Dearbhaím gur fíor an t-eolas uilig atá curtha san fhoirm iarratais seo agus gur mise a líon amach an fhoirm
5. Tá na téarmaí agus coinníollacha atá leagtha síos sa leabhrán eolais léite agam agus glacaim leo.
6. Tuigim go ndílcháileofar mé má tá cuid ar bith den eolas atá tugtha agam mícheart nó bréagach
7. Tuigim go gcoimeádann Optum an ceart aige cuid den scoláireacht nó an scoláireacht iomlán a bhaint díom má éirim as mo chuid staidéir agus sa chás sin tabharfar fógra 14 lá i scríbhinn dom
8. Tuigim go gcuirfear m'iarratas faoi bhráid Phainéal Roghnúcháin Optum
9. Tá an fhógra príobháideachais mar atá leagtha síos faoi mhír a 5 léite agam agus tuigim go bhfuil an t-eolas ar fad san iarratas seo faoi réir an fhógra príobháideachais.

Ainm an Iarratasóra (I gCEANNLITREACHA) _____

Síniú _____ Dáta: _____

Ní mór do thuismitheoir/ chaomhnóir an dearbhú a shíniú má tá an tIarratasóir faoi 18 mbliana d'aois:-

Ainm an tuismitheora/ chaomhnóra (I gCEANNLITREACHA) _____

Síniú _____ Dáta: _____

MÍR A 5:

FÓGRA PRÍOBHÁIDEACHAIS UM COSAINT SONRAÍ

Cloíonn Séirbhisí Optum (Éire) Teo. ("Optum") le prionsabail maithe ó thaobh láimhseáil eolais agus glactar gach céim chun aire réasúnta a thabhairt do shonraí pearsanta- eolas a aithníonn an duine nó atá in ann an duine a aithint. Príseálann Optum sonraí pearsanta de réir dlíthe a bhaineann le cosaint sonraí. Is rialtóir sonraí na Scéime Scoilreachtaí é Optum.

Féadfaidh Optum faisnéis pearsanta a bhailiú leis an scéim a riaradh mar shampla: ainm, cúrsa, uimhir aitheantais an mhic léinn, institiúid, sonraí a bhaineann le cúlra oideachais agus pearsanta, ráiteas pearsanta, seoladh baile, uimhir gutháin, seoladh ríomh-phóist, teistiméireacht acadúil nó pearsanta, taifead acadúil, griangraif agus fíís-íomhánna. Féadfaidh Optum catagóirí fhaisnéis pearsanta ar leith a bhailiú má tá an t-eolas sin tugtha mar chuid den chúlra oideachais agus pearsanta.

Is iad na bunúis dlíthiúla atá ag Optum chun do chuid fhaisnéis pearsanta a úsáid ná:

- Leis an conradh leat féin agus/ nó leis an institiúid a chomhlíonadh, mar go bhfuil sé ar do leas an scoláireacht a bhaint amach;
- Is féidir do thoil a bhaint ag am ar bith agus chun sin a dhéanamh, gabh i dteagmháil linn (sonraí teagmhála thíos), ach tabhair faoi deara nach mbeidh tionchar ar bith ar dlíthiúlacht an phróisis le do thoil sula raibh an toil sin bainte.
- Suimeanna Optum agus ábhar acu, leis an scéim a bhunú agus á riaradh agus chun an scéim a chur chun cinn; agus
- Mar gheall ar an dualgas atá ar Optum leis na dlíthe agus forálacha cuí a chomhlíonadh

Coimeádfaidh Optum sonraí pearsanta atá riachtanach dar leis na cuspóirí atá leagtha amach thuas agus glacfaidh Optum na céimeanna réasúnta uilig chun na sonraí a choinneáil suas chun dáta agus cruinn. Is féidir go n-iarrfaí ort athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí pearsanta atá ag Optum nó iad a uas-dátú.

Beidh ar Optum do fhaisnéis pearsanta a chur ar fáil do na hInstitiúidí agus tríú páirtithe. Cuirfear ar fáil ar bhonn riachtanach é nó ar bhunús dlíthiúla mar aon le riarachán na scéime agus cur chun cinn na scéime. Déanfaidh na hInstitiúidí na sonraí pearsanta a phróiseáil de réir fógra príobháideachais s'acu féin.

Tá sé de cheart agat iarratas a chur chuig Optum le rochtain a fháil ar do fhaisnéis pearsanta; chun é a leasú nó é a scriosadh nó le teorainn a chur le próiseáil nó chun cur i gcoinne próiseáil do chuid fhaisnéise agus cearta eile de réir dlí cuí.

Ba chóir duit iarratas a chur chuig Shamil Chotai, teagmhálaí príobháideachais Optum ag Shamil.Chotai@optum.com.

Cuirfidh muid freagra chugat i gcomhréir leis an reachtaíocht um chosaint sonraí cuí. Féadfaidh le Optum an t-eolas a choinneáil siar i gcúinsí áirithe de réir an dlí cuí.

Má cheapann tú go bhfuil na sonraí atá ag Optum mí-chruinn i ndiaidh duit iad a chur faoi scrúdu nó, má tá buarthaí eile agat fá dtaobh den eolas atá ag Optum, thig leat iarratas a chur chugainn chun iad a chur i gceart, chun iad a scriosadh nó teorainn a chur leo de réir riachtanais cuí. Tá sé de rogha agat dul i dteagmháil le Shamil Chotai, teagmhálaí príobháideachais Optum ag Shamil.Chotai@optum.com ag am ar bith maidir le do chuid buarthaí ó thaobh próiseáil do shonraí pearsanta.

Tá sé de cheart agat gearán a chur faoi bhráid an údarais cuí a phléann le cosaint sonraí má sháraíonn Optum dlí(the) um chosaint sonraí cuí maidir le próiseáil do chuid sonraí pearsanta.

Iarrtar ort sonraí pearsanta atá suas chun dáta a chur ar fáil dúinn. Má chuireann tú iarratas chugainn maidir leis na sonraí atá ag Optum fút, is féidir go mbeidh ar Optum tuilleadh eolais a fháil uait le d'aitheantas a chinntiú, faoi réir teorainn áitiúla cuí.

Glacann Optum céimeanna slándála cuí ar na bealaí seo san aireamh- fisiciúil, teicniúil agus eagraíochtúil, le cosc a chur ar rochtain nó próiseáil atá neamhdhúdaraithe nó neamhdhleathach maidir le do chuid fhaisnéise pearsanta, agus le cosaint a thabhairt ar chailiúint nó scrios nó ar dhamáiste do shonraí pearsanta, agus le deimhniú go bhfuil do chuid sonraí pearsanta stóráilte go dleathach agus go slán.

Seo samplaí i measc na céimeanna slándála a chuireann Optum i bhfeidhm:

- Cuirtear fostaithe Optum, a bhfuil fáil acu ar shonraí pearsanta, ar an eolas faoi na dualgais atá orthu maidir le cosaint sonraí;
- Coinnítear sonraí pearsanta atá ar pháipéar i gcaibinéad comhad a bhfuil fáil ag fostaithe Optum atá údaráithe ar bhonn riachtanais eolais amháin;
- Tá fáil ar fhostaithe údaráithe amháin ar shonraí pearsanta atá stóráilte ar fhoirm leictreonach; agus
- Faightear réidh le sonraí pearsanta atá priontáilte ar ábhar ar bith ar bhealach atá slán, mar shampla déantar stiallacha de.

Féadfaidh Optum athbhreithniú a dhéanamh ar an fhógra seo nó ar na bealaí a phróiseálann Optum do shonraí pearsanta ó am go ham. Cuirfear ar an eolas thú má tá athruithe móra i gceist.

SEICLIOSTA

Cuir tic i ngach bosca nuair atá an fhoirm líonta amach agat:-

Tá gach cuid den fhoirm líonta amach agam

Tá an dearbhú faoi Mir a 4 líonta amach agus sínithe agam féin agus ag mo thuismitheoir/ chaomhnóir (d'iarrthóirí faoi 18 mbliana d'aois)

Tá cóip den fhoirm iarratais seo agus an teistiméireacht tugtha don Phríomhoide agus d'iarr mé ar an Phríomhoide an teistiméireacht a líonadh isteach

Dáta deiridh do Fhoirmeacha Iarratais: 5pm ar an Aoine, 3^ú Bealtaine, 2019

- Ná cuir do fhoirm mar ríomhphost
- Glacfar le hiarratais agus caipéisí tacaíochta atá faighte ag seoladh an duine teagmhála thíos fríd an phost nó tugtha isteach ar láimh
- Beidh ar an Phríomhoide ríomhphost agus scannadh den Teistiméireacht ceangailte leis a chur díreach chuig nodlaig.brolly@optum.com

Scéim Scoláireachtaí Sláinte Optum

Faoi bhráid: Nodlaig Ní Bhrollaigh,
Optum,
Halla na Gaoithe,
Leitir Ceanainn,
Contae Dhún na nGall.

Cuir ceisteanna amháin chuig: nodlaig.brolly@optum.com



lyit

Institiúid Teicneolaíochta
Leitir Ceanainn
Letterkenny Institute
of Technology



NUI Galway
OÉ Gaillimh



Ulster
University

*Ag cothú Saothair Sláinte an lae amárach
Todhchaí Slán*